An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Leagan 6.2 Samh. 20

**FOIRM 8 – ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 1956** **CTZ3**

# Iarratas ó dhuine lán-aoise ar eadóirseacht mar shaoránach Éireannach

**Beidh aon duine a thabharfaidh faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ciontach i gcion faoin Acht agus dlífear fíneáil agus/nó príosúnacht a chur air nó uirthi. Ina theannta sin, féadfaidh sé go mbeidh de thoradh ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go ndiúltófar iarratas nó, i gcás ina mbeidh deimhniú eadóirseachta deonaithe, go ndéanfar an deimhniú sin a chúlghairm.**

Ná cuir isteach d'fhoirm iarratais gan an dearbhú reachtúil a chomhlánú go cuí agus na doiciméid go léir a éilítear agus a shonraítear thíos a chur isteach. Má bhíonn doiciméid ar iarraidh, nó mura mbeidh an fhoirm comhlánaithe go hiomlán, féadfar d'iarratas a dhiúltú, mar nach mbeidh na ceanglais faoin Acht comhlíonta, agus ní aisíocfar do tháille iarratais.

Ní bheidh d'iarratas comhlánaithe go hiomlán más rud é:

- Nach mbeidh freagra tugtha agat ar na ceisteanna go léir ar an bhfoirm iarratais, nó
- Nach mbeidh d'ainm iomlán curtha isteach agat agus an dearbhú reachtúil sínithe agat i láthair finné fhormheasta, nó
- Nach mbeidh na doiciméid a éilítear chun tacú le d'iarratas curtha isteach agat, nó
- Nach mbeidh an táille iarratas reachtúil €175 curtha isteach agat (ní dhéanfar aon mheasúnacht ar d'iarratas).

Má éiríonn le d'iarratas féadfaidh sé go mbeidh táille **dheimhniúcháin** suas le €950 iníoctha agat; féach leathanach na dtáillí saoránachta ar shuíomh gréasáin SSI (Seachadadh Seirbhíse Inimirce) ag https://www.irishimmigration.ie/citizenship/. Má dhiúltaítear d'iarratas, cuirfear an cinneadh in iúl duit agus, más cuí, na cúiseanna leis an diúltú. Níl aon phróiseas achomhairc ann; ach is féidir leat athiarratas a dhéanamh tráth ar bith má chreideann tú go gcomhlíonann tú na critéir.

**1. Ní foláir na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil le gach iarratas:**

1. An táille iarratais reachtúil €175, i bhfoirm Dréachta Baincéara amháin agus é iníoctha leis an Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt. Níl orduithe poist ná seiceanna pearsanta nó gnó inghlactha. Is táille neamh-inaisíoctha í an táille sin agus is gá í a íoc ar gach iarratas ar dheimhniú eadóirseachta.

2. An chóip **bhunaidh** de do phas reatha agus aon phasanna bailí roimhe sin le linn tréimhsí cónaithe sa Stát, mar aon le fótachóip den leathanach bithmhéadrach de gach pas.*

3. Cóip dheimhnithe de do dheimhniú breithe sibhialta bunaidh, agus cóip d'aistriúchán go Béarla má tá an deimhniú i dteanga seachas Béarla nó Gaeilge.**

4. <u>Dhá ghrianghraf pas dhaite arna nglacadh laistigh de 30 lá ó dháta déanta an iarratais, arna síniú agus arna ndátú ar a gcúl ag an bhfinné a shíníonn an dearbhú reachtúil lena dhaingniú gur grianghraf díotsa atá iontu</u>.

5. Cóip de do Chárta reatha Cláraithe Inimircigh arna eisiúint ag Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána (BNIGS) nó ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce (SSI) de réir mar is cuí (ní bhaineann sé sin le saoránaigh den AE/LEE).

6. Trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith <u>gach</u> bliana cónaithe a mhaítear, agus ina dtaispeántar d'ainm agus do sheoladh agus an dáta eisiúna, m.sh. comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte, ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

7. Litir, ar pháipéar ceannteidil, ó d'fhostóir reatha ina dtaispeántar dáta tosaithe fostaíochta (más infheidhme), agus cóipeanna de 3 dhuillín pá arna bhfáil le déanaí (arna ndátú laistigh de na 6 mhí roimhe sin), agus cóipeanna de do P60 nó de ráiteas cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith gach bliana cónaithe a mhaítear.

8. Cóipeanna de ráitis bhainc i leith do chuid cuntas bainc go léir do 3 cinn ar a laghad de na 6 mhí roimhe sin.

9. Fianaise ar tú a bheith pósta, nó i do pháirtnéir sibhialta, le duine éagtha ar shaoránach Éireannach é nó í tráth a bháis nó a báis, más infheidhme. (Cóipeanna deimhnithe de dheimhnithe, de dhoiciméid chúirte de réir mar is infheidhme).

10. Cóip de do sheiceálaí cónaitheachta ar líne arna chomhlánú (féach leathanach 8 thíos). Níl sin ag teastáil i gcás saoránach den AE/LEE.

11. Amhail ar agus ón 23 Samhain 2020, ceanglaítear ar gach iarratasóir fásta ar dheimhniú eadóirseachta deimhniú imréitigh cánach suas chun dáta a bheith aige nó aici. D'iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu sa Stát is éard atá i nDeimhniú Imréitigh Cánach (DIC) daingniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil cúrsaí cánach duine in ord ar dháta eisiúna an deimhnithe agus is féidir iarratais a dhéanamh ar líne chuig córas ríomh-Imréitigh Cánach (r-IC) na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an fhaisnéis is gá chun an tseirbhís sin a úsáid ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag https://www.revenue.ie/en/online-services/services/manage-your-record/apply-for-tax-clearance-online-using-etc.aspx. Is ceart duit an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) arna heisiúint chugat a chur ar fáil, nó cóip den deimhniú a phriontáil agus a chur ar fáil.

D'iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát, tá DIC ag teastáil nó, i gcás nach mbeidh an tseirbhís sin ar fáil ag na húdaráis Ioncaim iomchuí, tá daingniú comhlíontachta cánach ón údarás Ioncaim ag teastáil ansin.

Tabhair do d'aire maidir le cóipeanna agus cóipeanna deimhnithe:

- I gcás ina n-éilítear cóip dheimhnithe, ní foláir duit do dheimhnithe bunaidh / do dhoiciméid bhunaidh a thabhairt chuig d'aturnae, nó chuig nótaire poiblí, coimisinéir mionnaí nó feidhmeannach síochána, agus iarraidh orthu fótachóip a dhéanamh de gach doiciméad agus a dheimhniú gur cóip dhílis den doiciméad bunaidh í, i.e. í a stampáil agus a shíniú í a bheith ina "Cóip dhílis den doiciméad bunaidh".
- Más rud é nach bhfuil deimhnithe/doiciméid i mBéarla nó i nGaeilge, tá aistriúchán arna dhéanamh ag aistritheoir gairmiúil ag teastáil. Ní foláir cóip den aistriúchán, chomh maith leis an gcóip den doiciméad bunaidh, a chur ar fáil. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfaidh sé go bhféachfaimid le barántúlacht doiciméad a chuirtear isteach a shuíomh le húdaráis na tíre eisiúna.

* Ceanglaítear ar dhaoine a bhfuil iarratas ar dheimhniú eadóirseachta á dhéanamh acu fianaise shásúil a chur ar fáil ar a gcéannacht agus a náisiúntacht. De ghnáth, bíonn an fhianaise sin i bhfoirm pas bhailí reatha agus féadfaidh sé go mbeidh doiciméid tacaíochta bhunaidh eile san áireamh, amhail pas arna theachtadh roimhe sin nó pas atá as dáta, deimhniú breithe agus deimhniú pósta. I gcorr-imthosca, i gcás nach féidir le hiarratasóir a bpas reatha, nó pas roimhe sin, deimhniú breithe nó doiciméid tacaíochta eile, a thabhairt ar aird, ceanglófar ar an iarratasóir míniú iomlán a chur ar fáil. Más féidir, is ceart fianaise shásúil go bhfuil iarracht déanta acu na doiciméid agus an comhfhreagras sin a fháil ó na húdaráis iomchuí, nó ón ambasáid atá freagrach as pasanna agus deimhnithe breithe a eisiúint ina dtír, a bheith mar thaca leis an míniú sin, agus na cúiseanna nach féidir na doiciméid a chur ar fáil a lua go soiléir. Breithneoidh SSI an míniú a thugtar agus, más deimhin leis go bhfuil cúiseanna leis nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu le fírinne, féadfaidh sé modhanna malartacha a mholadh don duine chun cuidiú lena gcéannacht agus a náisiúntacht a shuíomh.

** Mura bhfuil do dheimhniú breithe agat (nó deimhniú pósta, má tá tú pósta le saoránach Éireannach, nó clárúchán páirtnéireachta sibhialta, má tá tú i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach), is ceart duit é a fháil ó na húdaráis iomchuí sa tír inar cláraíodh do bhreith agus/nó do phósadh/pháirtnéireacht shibhialta sula ndéanfaidh tú iarratas ar dheimhniú eadóirseachta. In imthosca teoranta eisceachtúla áirithe, féadfar glacadh le mionnscríbhinn bhreithe in ionad Deimhnithe Breithe i gcás inar féidir leat fianaise shásúil a thaispeáint nach bhfuil an deimhniú ar fáil agus nach féidir é a fháil. Mura bhfuil tú i seilbh do dheimhnithe breithe, nó má tá sé caillte agat, NÍ ghlacfar le mionnscríbhinn. Ní foláir duit é a fháil ó na húdaráis iomchuí sula ndéanfaidh tú iarratas.

**Ní foláir duit faisnéis/doiciméid bhreise a chur ar fáil, chomh maith, mar a leanas:**

**2. Más rud é nach saoránach den AE tú agus go bhfuil iarratas caighdeánach á dhéanamh agat atá bunaithe ar chónaí a bheith ort ar feadh 5 bliana:**

- Fianaise ar do cheadanna cónaitheachta a chlúdaíonn TRÉIMHSE LEANÚNACH 365/366 lá sa bhliain díreach roimh dháta déanta an iarratais (dáta an Dearbhaithe Reachtúil) AGUS tréimhsí 4 bliana san iomlán sa tréimhse 8 mbliana roimhe sin (i.e. 5 x 365 lá san iomlán móide lá amháin i leith gach tréimhse ceada a raibh 29 Feabhra inti [bliain bhisigh]). Cuir isteach trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith gach bliana, le do thoil, ina dtaispeántar an t-ainm agus an seoladh don tréimhse sin, i.e. comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

- Is le stampaí i do phas a fhianaítear ceadanna cónaitheachta, agus féadfaidh sé go mbeidh tréimhsí breise clúdaithe le litreacha arna n-eisiúint ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce ag deonú cead duit ar feadh tréimhse sonraí ó dháta sonraithe nó go dáta sonraithe. Tabhair do d’aire, le do thoil, go ndéanfar aon loiceadh clárú le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána laistigh de thréimhse réasúnach a chur san áireamh agus measúnacht á déanamh ar d’iarratas.

- Tá na socruithe sin ar an mbonn go bhfuil cónaí fisiceach go leanúnach sa Stát, chomh maith, ar an duine ag a bhfuil cead cónaitheachta. I gcás ina bhfuil asláithreachtaí suntasacha ón Stát le linn ré reatha ceada, féadfaidh sé go mbeidh gá le tuilleadh fiosruithe agus féadfaidh sé go ndiúltófar d’iarratas.

- Féadfaidh leanaí cleithiúnacha a tháinig isteach sa Stát in éineacht lena dtuismitheoir(í) mar chuid d’aonad teaghlaigh bheith clúdaithe le cead a dtuismitheora chun críocha an iarratais seo le linn dóibh bheith ag freastal ar an meánscoil agus féadfaidh siad leanúint de bheith clúdaithe suas go haois 23 i gcás ina raibh siad i gcleithiúnas go leanúnach ar a dtuismitheoirí agus ina ndeachaigh siad ar aghaidh ón meánscoil sa Stát go díreach isteach in oideachas tríú leibhéal.

- Asphrionta ón seiceálaí cónaitheachta ar líne ina dtaispeántar na ceadanna thuas. Ní foláir a dhaingniú leis an asphrionta go bhfuil tú cáilithe chun iarratas a dhéanamh. Mura ndaingnítear, measfar nach bhfuil d'iarratas cáilithe. Ná cuir isteach dátaí nach bhfuil clúdaithe le ceadanna chun féachaint leis na coinníollacha a chomhlíonadh mar nach gcuirfear iadsan san áireamh. Féach an nóta thíos i gcomhair tuilleadh eolais.

**3. Más saoránach den AE tú agus iarratas caighdeánach á dhéanamh agat atá bunaithe ar chónaí a bheith ort ar feadh 5 bliana:**

- Más saoránach den AE tú le níos mó ná cúig bliana, cuir isteach cruthúnas ar chónaí sa Stát ar feadh cúig bliana san iomlán sna naoi mbliana seo caite, agus an bhliain roimh dháta déanta an iarratais san áireamh, le do thoil. Cuir isteach trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith gach bliana, le do thoil, ina dtaispeántar an t-ainm agus an seoladh don tréimhse sin, i.e. comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón, teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

- Más saoránach den AE tú le níos lú ná cúig bliana, cuir isteach cóip de do phas, le do thoil, ina dtaispeántar stampaí ceada chun fanacht ón dáta ar tháinig tú isteach sa Stát go dtí an dáta ar tháinig tú chun bheith i do shaoránach den AE agus cruthúnas ar chónaí sa Stát ón dáta ar tháinig tú chun bheith i do shaoránach den AE go dáta an iarratais. Cuir isteach trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith gach bliana, le do thoil, ina dtaispeántar an t-ainm agus an seoladh don tréimhse sin, i.e. comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

- Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfaidh loiceadh na cruthúnais a éilítear próiseáil d'iarratais a chur chun moille go mór. De bhreis air sin, má loiceann tú na cruthúnais a chur ar fáil laistigh de thréimhse réasúnach, féadfar a mheas nach bhfuil d'iarratas cáilithe.

**4. Más rud é go bhfuil d'iarratas bunaithe ar tú a bheith pósta nó i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach:**

Tabhair do d'aire nach foláir duit bheith pósta/i bpáirtnéireacht shibhialta leis an saoránach Éireannach le 3 bliana ar a laghad, agus bheith in bhur gcónaí le chéile ar dháta déanta iarratais agus an chónaitheacht riachtanach in oileán na hÉireann a bheith agat (féach thíos).

- Cruthúnas doiciméadach ar theidlíocht an chéile/pháirtnéara shibhialta Éireannaigh chun saoránachta Éireannaí (cóip dheimhnithe de dheimhniú breithe an chéile/pháirtnéara shibhialta Éireannaigh, má rugadh in Éirinn é nó í / cóip dheimhnithe den taifeadadh i gclár na mbreitheanna coigríche / deimhniú breithe thuismitheoir an chéile nó an pháirtnéara shibhialta más in Éirinn a rugadh an tuismitheoir sin / cóip dheimhnithe de dheimhniú eadóirseachta / cóip dheimhnithe den leathanach pas le grianghraf).

- Cóip dheimhnithe den deimhniú pósta / den chlárúchán páirtnéireachta sibhialta**. TABHAIR DO d'AIRE: Más rud é gur cláraíodh do pháirtnéireacht shibhialta i dtír seachas an Stát, ansin is faoi threoir an Ordaithe um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2010, a chinntear an Stát d'aithint an chaidrimh sin. Is ceart duit a dheimhniú duit féin go bhfuil do chaidreamh cláraithe aitheanta sula ndéanann tú iarratas bunaithe ar bheith i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach.

- Ní foláir don chéile/pháirtnéir sibhialta Éireannach an Mhionnscríbhinn mhionnaithe iomchuí (i gcúl na foirme iarratais seo) a chomhlánú i láthair finné dhlíthiúil tar éis duit an dearbhú reachtúil a shíniú (Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí nó Aturnae Cleachtach).

- Cóipeanna de thrí chruthúnas éagsúla ar chónaí in oileán na hÉireann i leith an iarratasóra agus an chéile/pháirtnéara shibhialta araon ar feadh 3 mhí roimh dháta déanta an iarratais, agus ina dtaispeántar an dáta agus an t-ainm agus an seoladh reatha. Áirítear ar na cruthúnais comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

- Fianaise ar chead cónaitheachta, i.e. do phas(anna) ina dtaispeántar stampaí ceada cónaitheachta ar feadh thréimhse 1 bhliana díreach roimh dháta déanta an iarratais agus 2 bhliain eile sa tréimhse 4 bliana roimhe sin – is é sin, tréimhse is comhionann le 3 bliana san iomlán – nó, mar mhalairt air sin, cruthúnas ar chónaí in oileán na hÉireann ar feadh na tréimhse sin. Cuir isteach trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith gach bliana, le do thoil, ina dtaispeántar d'ainm agus do sheoladh agus an dáta eisiúna, i.e. comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.

- I gcás an chónaitheacht a bheith i dTuaisceart Éireann, ní foláir fianaise a thabhairt faoi chónaí dleathach a bheith ort sa dlínse sin ar feadh thréimhse 1 bhliana díreach roimh dháta déanta an iarratais agus 2 bhliain eile sa tréimhse 4 bliana roimhe sin – is é sin, tréimhse is comhionann le 3 bliana san iomlán – de bhun ceada a dheonaigh údaráis inimirce na Ríochta Aontaithe, ar tréimhse í a deonaíodh seachas ar feadh tréimhse

    - chun a chur ar do chumas gabháil do chúrsa oideachais nó staidéir; nó
    - chun go ndéanfadh údaráis na Ríochta Aontaithe éileamh a chinneadh go n-aithneofaí thú mar dhídeanaí de réir bhrí Choinbhinsiún na Ginéive, 1951, maidir le stádas dídeanaithe agus phrótacal 1967 maidir le stádas dídeanaithe.

**Ní foláir d'iarratasóirí Alt 15A (céile/páirtnéir sibhialta saoránaigh Éireannaigh) a chinntiú go bhfuil an dearbhú iomchuí i gcúl an iarratais seo sínithe ag do chéile/pháirtnéir sibhialta Éireannach agus fianaithe ar an dáta céanna ar a bhfianaítear an dearbhú reachtúil nó i ndiaidh an dáta ar shínigh tú an fhoirm.**

Féadfaidh an tAire, dá lánrogha féin, cuid de na coinníollacha le haghaidh eadóirseachta a tharscaoileadh d'iarratasóirí Alt 15a (céile nó páirtnéir sibhialta saoránaigh Éireannaigh) más deimhin leis nó léi go bhfulaingeodh an t-iarratasóir iarmhairtí tromchúiseacha i leith a iomláine nó a hiomláine coirp nó i leith a shaoirse nó a saoirse mura ndéanfaí saoránacht Éireann a dheonú dó nó di.

**5. Má tá d'iarratas bunaithe ar Stádas Dídeanaí a bheith agat, ní foláir duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil:**

- Cóip den litir lena ndaingnítear do stádas dídeanaí,
- An chóip bhunaidh de do phas agus d'aon doiciméad céannachta eile,
- An chóip bhunaidh de do Dhoiciméad Taistil, má tá ceann agat.

**6. Má tá d'iarratas bunaithe ar Chaidreamh a bheith agat le hÉirinn, ní foláir duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil:**

- Cóipeanna deimhnithe de na doiciméid go léir lena gcruthaítear an caidreamh atá agat le hÉirinn** m.sh. gach deimhniú breithe agus/nó pósta nó comhaontú páirtnéireachta sibhialta is gá chun an caidreamh a thaispeáint, cóip dheimhnithe de thaifead i gclár na mbreitheanna coigríche, cóip de dheimhniú eadóirseachta, etc.

- Fianaise ar cheadanna cónaitheachta. Is le stampaí i do phas a fhianaítear ceadanna cónaitheachta, cé go bhféadfaidh sé go mbeidh tréimhsí breise clúdaithe le litreacha arna n-eisiúint ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce ag deonú cead duit ar feadh tréimhse sonraí ó dháta sonraithe nó go dáta sonraithe.

** Mínítear caidreamh a bheith ag duine le hÉirinn in Alt 16(2) den Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, mar a leanas: go bhfuil gaol fola, cleamhnais, nó uchtála aige nó aici le duine, nó gur páirtnéir sibhialta é nó í le duine, is saoránach Éireannach, nó le duine atá éagtha agus a bhí, tráth a bháis nó a báis, ina shaoránach nó ina saoránach Éireannach nó a bhí i dteideal bheith ina shaoránach nó ina saoránach Éireannach.

**Féadfaidh an tAire, dá lánrogha féin, cuid de na coinníollacha le haghaidh eadóirseachta a tharscaoileadh i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha Alt 16. Mar riail ghinearálta, i gcás ina bhfuil feidhm ag an Alt sin, beifear ag súil leis, de ghnáth, go mbeidh 3 bliana, ar a laghad, de chónaitheacht ináirithe agat sa Stát. Níl aon cheart nó teidil ann go ndéanfaí aon choinníollacha le haghaidh eadóirseachta a tharscaoileadh; is de lánrogha an Aire ar fad atá sé.**

**7. TÁBHACHTACH – tabhair na pointí seo a leanas do d'aire, le do thoil:**

Is pribhléid agus ní ceart atá san eadóirseacht. Is ar gach iarratasóir atá an dualgas an fhaisnéis agus an fhianaise go léir a nochtadh chun cabhrú lena thaispeáint go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha le haghaidh deimhniú eadóirseachta, lena n-áirítear gur duine dea-charachtair é nó í. Níl oibleagáid ar an Aire fógra roimh ré a thabhairt faoi fhaisnéis dhochrach arb eol don iarratasóir í cheana féin. Má tharlaíonn go dtagann faisnéis dhochrach chun solais le linn an t-iarratas a phróiseáil, ar faisnéis í a bhféadfadh an t-iarratasóir, de réir réasúin, a thuar go bhféadfaí í a chur san áireamh, ní dhéanfaidh an Roinn aon chomhfhreagras leis an iarratasóir ar an ábhar. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh, áfach, sa phróiseas cinnteoireachta.

Is ceart duit a bheith ar an eolas go gceanglaítear le reachtaíocht saoránachta mionsonraí faoi gach duine dá ndeonaítear deimhniú eadóirseachta, lena

n-áirítear ainm, seoladh agus dáta eisiúna an deimhnithe eadóirseachta, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*. Is ceanglas dlí é sin, agus níl aon eisceachtaí ann.

Maidir le hiarratais i gcás ina bhfuil cás ar feitheamh ag an iarratasóir sa chóras cúirte, ní phróiseálfar iad go dtí go mbeidh an t-ábhar críochnaithe. Dá bhrí sin, ná cuir iarratas ar eadóirseacht isteach go dtí go mbeidh deireadh leis an gcás.

**8. Seiceálaí cónaitheachta ar líne (níl sé seo ag teastáil i leith Saoránach den AE/LEE):**

Tá seiceálaí cónaitheachta ar líne ar fáil chun a chur ar do chumas a sheiceáil an gcomhlíonann tú na coinníollacha cónaitheachta le haghaidh eadóirseachta sula ndéanann tú iarratas. Ceanglaítear ort an Seiceálaí Cónaitheachta ar Líne, atá ar fáil ag www.irishimmigration.ie/citizenship/, a úsáid. Cuirfidh sé sin in iúl duit an gcomhlíonann tú na coinníollacha cónaitheachta eadóirseachta agus, mura gcomhlíonann tú iad, cuirfidh sé in iúl cá fhad is ceart duit fanacht sula síníonn tú an Dearbhú Reachtúil agus sula dtaisceann tú an t-iarratas. Ceanglaítear ort cóip den toradh a phriontáil agus í a chur isteach le d'iarratas. Níor cháiligh roinnt iarratas mar nach raibh an chónaitheacht iomlán ba ghá ag an iarratasóir tráth déanta an iarratais. Ós rud é go ngearrtar táille iarratais €175 ar gach iarratas, tá sé costasach iarratas neamhcháilithe a chur isteach. Tabhair do d'aire, le do thoil, go ndéantar cónaitheacht a ríomh siar ó dháta déanta an iarratais, i.e. an dáta ar shínigh tú an Dearbhú Reachtúil ar an bhfoirm iarratais.

## Treoir mhionsonraithe maidir le comhlánú na foirme iarratais

**Freagair gach ceist. Murab infheidhme ceist, scríobh "n/i" (i.e., ní infheidhme) sa bhosca atá curtha ar fáil.**

Beidh aon duine a thabharfaidh faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ciontach i gcion faoin Acht agus dlífear fíneáil agus/nó príosúnacht a chur air nó uirthi. Ina theannta sin, féadfaidh sé gurb é a bheidh de thoradh ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go ndiúltófar iarratas nó, i gcás ina mbeidh deimhniú eadóirseachta deonaithe, go ndéanfar an deimhniú sin a chúlghairm. **Tábhachtach** – beidh d'Ainm, do Náisiúntacht, do Dháta Breithe agus d'Áit Bhreithe a thaifead-far ar do dheimhniú eadóirseachta, más amhlaidh go ndéanfar an t-iarratas uait a fhormheas, mar a bheidh siad luaite agat san iarratas uait. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil na mionsonraí a chuireann tú ar fáil ceart. Ach a mbeidh deimhniú eisithe, ní féidir é a leasú.

**Roinn 1: Ainm**

1.1 Scríobh d'ainm reatha teaghlaigh (ar a dtugtar do shloinne nó d'ainm deiridh).

1.2 Scríobh do chéadainm agus aon dara hainmneacha. Is ceart gurb ionann na hainmneacha sin agus na cinn a bheidh ar do phas.

1.3 Má bhain tú úsáid as ainm eile riamh, scríobh anseo é agus freagair 1.4 agus 1.5.

1.4 Tabhair an chúis leis an athrú ar an ainm, le do thoil, m.sh. pósadh, gníomhas aonpháirtí.

1.5 Tabhair an dáta ar athraíodh d'ainm, le do thoil.

**Roinn 2: Céannú**

2.1 Scríobh d'áit bhreithe arna taifeadadh ar do Dheimhniú Breithe.

2.2 Scríobh do Thír bhreithe arna taifeadadh ar do Dheimhniú Breithe.

2.3 Scríobh do Dháta breithe arna thaifeadadh ar do Dheimhniú Breithe.

2.4 Cuir tic sa bhosca a thaispeánann d'inscne.

2.5 Scríobh do náisiúntacht reatha.

2.6 Scríobh d'uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP), ina bhfuil 7 ndigit agus litir ag an deireadh. Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a eisíonn í.

2.7 Scríobh d'uimhir Chlárúcháin (Tá sí sin le fáil ar do chárta BNIGS/CCÉ (i.e., Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána / Cead Cónaithe in Éirinn). Ní infheidhme é seo do Shaoránaigh den AE/LEE).

2.8 Scríobh d'Uimhir Aitheanta Duine, más infheidhme. (Tá an uimhir sin sonraithe ar gach comhfhreagras arna eisiúint ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 i leith).

**Roinn 3: Seoladh Cónaithe**

3.1 Scríobh do sheoladh reatha.

3.2 Scríobh d'Éirchód.

3.3 An dáta ar thosaigh tú ag cónaí ag an seoladh sin.

3.4 Scríobh do sheoladh ríomhphoist, má tá ceann agat.

3.5 Scríobh d'uimhir theileafóin le húsáid sa tráthnóna.

3.6 Scríobh d'uimhir theileafóin le húsáid i gcaitheamh an lae, má tá ceann agat.

3.7 Scríobh d’uimhir teileafóin shoghluaiste, má tá ceann agat.

**Roinn 4: Seoltaí roimhe seo**

Liostaigh do chuid seoltaí go léir le 9 mbliana anuas, le do thoil, más iarratas caighdeánach atá ann, nó le 5 bliana anuas má tá tú pósta le saoránach Éireannach. Cuir seoltaí in Éirinn agus thar lear san áireamh.

**Roinn 5: Ceadanna Cónaitheachta**

5.1 Scríobh an dáta ar tháinig tú isteach in Éirinn den chéad uair.
5.2 Scríobh Uimhir do Phas an tráth ar tháinig tú isteach in Éirinn.
5.3 Daingnigh an bhfuil do chuid ceadanna go léir taifeadta agat sa seiceálaí cónaitheachta ar líne agus é fíoraithe agat go gcomhlíonann tú na coinníollacha.
5.4 Cuir tic sa bhosca cuí. Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi aon tréimhse a caitheadh i mbun staidéir in Éirinn le 9 mbliana anuas.
5.5 Cuir tic sa bhosca cuí. Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi aon tréimhse a caitheadh sa phróiseas tearmainn le 9 mbliana anuas.
5.6 Cuir tic sa bhosca cuí. Má bhí tú as láthair ón Stát ar feadh níos mó ná 6 seachtaine in aon cheann de na 5 bliana roimhe seo, cuir mionsonraí ar fáil faoi na hasláithreachtaí go léir ar dhuilleog ar leithligh agus cuir le d’iarratas í.

**Roinn 6: Cónaí tar éis Eadóirseachta**

6.1 Cuir tic sa bhosca cuí.
6.2 Cuir tic sa bhosca cuí.
6.3 Má d’fhreagair tú “níl” le ceist 6.1 nó 6.2, luaigh an tír a bhfuil ar intinn agat cónaí inti tar éis eadóirseachta, le do thoil.

**Roinn 7: Stádas**

7.1 Cuir tic sa bhosca cuí ina gcuirtear do stádas pósta in iúl.
7.2 Cuir tic le “Is amhlaidh” nó le “Ní hamhlaidh”. 7.3 Cuir tic le “Is amhlaidh” nó le “Ní hamhlaidh”.
7.4 Cuir tic le “Is amhlaidh” nó le “Ní hamhlaidh”.

**Roinn 8: Mionsonraí Teaghlaigh**

8.1 Scríobh ainm iomlán d’athar agus do mháthar agus, i ngach cás, a ndáta breithe, an áit agus an tír inar rugadh iad agus a náisiúntacht faoi láthair. Scríobh a n-ainm breithe murab ionann é agus a sloinne reatha.
8.2 Scríobh ainm iomlán gach linbh leat agus a n-**ainm breithe** murab é an t-ainm céanna é; sonraigh an leanaí fireanna nó baineanna iad; luaigh a ndáta breithe, an áit agus an tír inar rugadh iad agus a náisiúntacht faoi láthair.

**Roinn 9: Acmhainn Chothaithe**

9.1 Cuir tic sa bhosca cuí.

9.2 Má chuir tú tic le 'EILE', cuir míniú ar fáil, le do thoil, faoin bhfáth gurb é sin an stádas atá agat agus tabhair mionsonraí faoi gach foinse ioncaim.

9.3 Scríobh Ainm agus Seoladh d'fhostóra má tá tú i bhfostaíocht. Má tá tú féinfhostaithe, nó más comhpháirtí do chuideachta nó stiúrthóir ar chuideachta tú, scríobh an seoladh a úsáidtear le haghaidh gnó.

9.4 Tabhair mionsonraí faoi thréimhsí fostaíochta, más ann, le 5 bliana anuas.

9.5 Cuir tic sa bhosca cuí.

9.6 Tabhair mionsonraí faoi aon íocaíochtaí leasa shóisialaigh atá á bhfáil agat agus/nó atá faighte agat le 3 bliana anuas, agus na cúiseanna a bhfuair tú an íocaíocht/tacaíocht sin.

**Roinn 10: Iarratais roimhe seo**

10.1 Cuir tic sa bhosca cuí.

10.2 Más infheidhme, scríobh an dáta a ndearna tú iarratas roimhe seo.

10.3 Más infheidhme, scríobh uimhir thagartha an iarratais a rinne tú roimhe seo, m.sh. 68/1234/12 (an seanchineál) nó 1234567-CITZ-10 (an cineál nua a eisíodh ó Dheireadh Fómhair 2011)

**Roinn 11: Cúlra**

11.1 Cuir tic sa bhosca cuí.
11.2 Cuir tic sa bhosca cuí.
11.3 Cuir tic sa bhosca cuí.

11.4 Más infheidhme, scríobh dáta an chiontaithe, an bhreithiúnais nó an chiona (tabhair mír 7 sna Treoirlínte thuas do d'aire, le do thoil).

11.5 Más infheidhme, scríobh an áit inar tharla an ciontú, an breithiúnas nó an cion agus tabhair mionsonraí iomlána faoin toradh.

11.6 go 11.11 Cuir tic sa bhosca cuí le haghaidh gach ceiste.

Más freagra dearfach a thug tú ar aon cheann de na ceisteanna sin, is ceart duit mionsonraí a chur ar fáil, maille le míniú sa roinn le haghaidh mionsonraí breise atá curtha ar fáil chuige sin.

**Roinn 12: Caidreamh le hÉirinn**

12.1 Má tá iarratas á dhéanamh agat ar eadóirseacht ar bhonn ginealaigh nó caidrimh le hÉirinn (gaol fola, cleamhnais, uchtála a bheith agat, nó bheith i do pháirtnéir sibhialta, le duine is saoránach Éireannach), cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil, agus tabhair mionsonraí iomlána, ar ceart fianaise dhoiciméadach a bheith mar thaca leo. Más gá duit, is féidir leat faisnéis bhreise a chur ar fáil ar dhuilleog ar leithligh.

**Roinn 13: Iarratas atá bunaithe ar Phósadh nó ar Páirtnéireacht Shibhialta le Saoránach Éireannach**

Ní foláir an roinn sin a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh agat ar bhonn tú a bheith pósta nó i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach. Tá fianaise ag teastáil agus ní foláir do do chéile/pháirtnéir sibhialta is saoránach Éireannach an Dearbhú iomchuí i ndeireadh na foirme (na leathanaigh ghorma) a chomhlánú agus ní foláir do dhuine údaraithe (m.sh. Aturnae, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí, Coimisinéir Mionnaí) é a shíniú.

13.1 Cuir tic sa bhosca cuí.

13.2 Cuir tic sa bhosca cuí.

13.3 Tabhair an dáta ar ar phós tú nó an dáta ar ar chláraigh tú do pháirtnéireacht shibhialta.

13.4 Tabhair an áit agus an tír inar phós tú nó inar cláraíodh do pháirtnéireacht shibhialta.

13.5 Luaigh conas a fuair do chéile/pháirtnéir sibhialta saoránacht Éireann.

**Roinn 14: Teistiméireachtaí**

14.1 Is ceart do 3 Saoránach Éireannach a bhfuil aithne acu ort, agus atá toilteanach gníomhú mar Mholtóirí duit má dhéanaimid teagmháil leo, an roinn sin a chomhlánú.

**Dearbhú Reachtúil**

Is éard is Dearbhú Reachtúil ann Ráiteas i scríbhinn arna dhearbhú agatsa, i láthair duine údaraithe, é a bheith fíor. Tríd an Dearbhú sin a shíniú tá tú ag rá go dtuigeann tú an fhoirm iarratais agus go bhfuil na fíorais a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol duit.

Is ceart duit boscaí A1, A2 agus A3 a chomhlánú agus is ceart do d'fhinné údaraithe W1, W2, W3 (W3.0, W3.1, W3.21, W3.22, W3.23, W3.24 nó W3.25), W4, W5, W6, W7 agus W8
a chomhlánú.

**Tábhachtach:** Nuair a bheidh an Dearbhú Reachtúil á chomhlánú agat, **priontáil d'ainm iomlán go soiléir** mar a luaigh tú é i roinn 1 den fhoirm seo. Cinntigh go síníonn agus go ndátaíonn tú an Dearbhú Reachtúil i láthair an fhinné agus go síníonn agus go ndátaíonn an finné é i do láthairse. Sula gcuireann tú an t-iarratas leis an bpost, **seiceáil gurb ionann na dátaí**. CINNTIGH go bhfuil tic curtha sa bhosca iomchuí ag an bhfinné lena dtaispeántar **conas a rinne an finné tú a shainaithint**. Más rud é gur chuir tú tú féin in aithne don fhinné trí dhoiciméad aitheantais a thíolacadh, ní foláir duit cóip den doiciméad aitheantais sin a chur ar fáil le d'iarratas.

**Dearbhú Alt 15A**

Ní foláir do do chéile/pháirtnéir sibhialta is saoránach Éireannach an Dearbhú sin a chomhlánú i gcás ina bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar bhonn tú a bheith pósta nó i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach. Tá 2 leagan den Dearbhú ann, ceann amháin do chéilí agus an ceann eile do pháirtnéirí sibhialta. Ní foláir an Dearbhú cuí a shíniú i láthair duine údaraithe (m.sh. Aturnae, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí, Coimisinéir Mionnaí). Cinntigh go síníonn agus go ndátaíonn tú an Dearbhú Reachtúil i láthair an fhinné agus go síníonn agus go ndátaíonn an finné é i do láthairse. Arís, sula gcuireann tú an t-iarratas leis an bpost, **seiceáil gurb ionann na dátaí.**

**Tabhair do d'aire maidir le doiciméid aitheantais**

Mura bhfuil do dheimhniú breithe (agus deimhniú pósta/clárúcháin páirtnéireachta sibhialta, má tá d'iarratas bunaithe ar tú a bheith pósta nó i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach) agat, ansin is ceart duit iad a fháil ó na húdaráis iomchuí sa tír inar cláraíodh do bhreith agus/nó do phósadh/pháirtnéireacht shibhialta, **sula** ndéanann tú iarratas ar dheimhniú eadóirseachta.

**Mionnscríbhinn bhreithe a úsáid**

In imthosca teoranta eisceachtúla áirithe, féadfar glacadh le Mionnscríbhinn in ionad Deimhnithe Breithe, i gcás inar féidir leat fianaise a thaispeáint nach bhfuil an deimhniú ar fáil agus nach féidir é a fháil. Mura bhfuil tú i seilbh do dheimhnithe breithe, nó má tá sé caillte agat, NÍ ghlacfar le mionnscríbhinn. Ní foláir duit é a fháil ó na húdaráis iomchuí sula ndéanann tú iarratas.

**Tabhair do d'aire:**
**Is foirm í seo le haghaidh iarratas ó dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus uathusan amháin**

**Fógra faoi phríobháideachas sonraí**

1. Bailíonn Seachadadh Seirbhíse Inimirce (SSI), cuid den Roinn Dlí agus Cirt, na sonraí a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo. Is í an Roinn Dlí agus Cirt an rialaitheoir sonraí i leith na faisnéise a chuireann tú ar fáil. Is iad mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: An Rannán Saoránachta, Seachadadh Seirbhíse Inimirce, an Roinn Dlí agus Cirt, 13 - 14 Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 XK70.

2. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Roinn Dlí agus Cirt trí scríobh chuig: An tOifigeach Cosanta Sonraí, an Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 HK52. Nó le ríomhphost – dataprotectioncompliance@justice.ie.

3. Bainfimid úsáid as na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo chun na gcríocha seo a leanas:

   1. Measúnacht a dhéanamh ar do cháilitheacht le haghaidh an iarratais seo
   2. Do chéannacht a fhíorú
   3. Féadfaidh sé, chomh maith, go mbainfimid úsáid as na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo, agus i gcomhfhreagras a bhaineann léi, mar chuid d'aon chúinsí amach anseo maidir le do stádas inimirce nó saoránachta.

4. Bailímid agus próiseálaimid na sonraí sin chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh nó chun tascanna a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Seo a leanas an bonn sonrach atá leis na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

   1. Chun feidhm an Aire Dlí agus Cirt arna hainmniú san Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 (arna leasú), a chomhlíonadh.
   2. Chun deimhniú eadóirseachta (Cuid III) a dheonú d'iarratasóirí a chomhlíonann na coinníollacha reachtúla arna leagan amach in Alt 15 den Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú.
   3. Tá d'oibleagáid orainn na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil chun tasc lena gcomhall-tar leas tábhachtach poiblí a dhéanamh. Áirítear sa leas poiblí oibriú éifeachtach éifeachtúil sheirbhísí inimirce na hÉireann a chinntiú.
   4. Chun iomláine an phróisis inimirce a chosaint agus chun a chinntiú go gcomhlíontar forálacha reachtúla Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956.
   5. Déanfar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil anseo a stóráil go slán sábháilte i mbunachair shonraí SSI agus i mbunachair shonraí Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána. Féadfar na sonraí a roinnt, más gá, leis na tríú páirtithe seo a leanas:

1. An Roinn Gnóthaí Eachtracha
2. An Garda Síochána/Gníomhaireacht Teorann na Ríochta Aontaithe
3. An Roinn Coimirce Sóisialaí
4. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
5. Seirbhísí Sláinte, TUSLA
6. Ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais

6. Féadfar na sonraí seo a choimeád go dtí gur féidir le SSI a bheith cinnte nach mbeidh a thuilleadh teagmhála agat leis na seirbhísí inimirce. Is tréimhse neamhchinntithe í sin ós rud é go bhféadfaidh sé go mbeidh saol iomlán i do stair inimirce sa Stát.

7. Tá na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo ag teastáil uainn chun a chinneadh an gcomhlíonann tú na critéir don scéim seo. Mura gcuireann tú na sonraí seo ar fáil, ní féidir d'iarratas ar an scéim seo a phróiseáil.

8. Tá de cheart agat rochtain a iarraidh ar do chuid sonraí pearsanta a phróiseálaimid, agus cóip díobh a iarraidh. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí Fhoirm Iarrata ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a chomhlánú, ar foirm í atá ar fáil ag http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Data_Protection nó ó aon Oifig Phoiblí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, agus í a chur ar aghaidh chuig subjectaccessrequests@justice.ie nó a chur leis an bpost chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne Dlí agus Cirt ag an seoladh thuas. Féadfaidh sé go gceanglófar ort do chéannacht a fhíorú sula gcuirimid an fhaisnéis chugat.

